# Cúrsa Gearr
# Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

## Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach

Meitheamh 2014

# Clár

Leathanach 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 4 **Réasúnaíocht**

Leathanach 5 **Aidhm**

Leathanach 6 **Naisc**

Leathanach 8 **Forbhreathnú ar an gcúrsa**

Leathanach 9 **Ionchais maidir le scoláirí**

10 **Snáithe 1:** Cé mé?

11 **Snáithe 2:** Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile

12 **Snáithe 3:** tDul i bpáirt le chéile

13 **Snáithe 4:** Mo shláinte mheabhrach

Leathanach 14 **Measúnú agus teistiúchán**

Leathanach 18 **Aguisín 1:** Tascanna measúnaithe samplacha

Leathanach 20 **Aguisín 2:** Teimpléad Machnaimh

Leathanach 21 **Aguisín 3:** Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

# Intreoir don tsraith shóisearach

Suíonn oideachas na sraithe sóisearaí scoláirí i gceartlár an eispéiris oideachasúil, ag cur ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcomhphobail agus sa tsochaí, agus bheith ina bhfoghlaimeoirí seiftiúla muiníneacha i ngach gné agus ag gach céim dá saol. Cuimsíonn an tsraith shóisearach gach scoláire agus cuireann sí le cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíocht agus torthaí don uile dhuine.

Ligeann an tSraith Shóisearach do scoláirí ceangal láidir a dhéanamh leis an bhfoghlaim trí dhíriú ar cháilíocht na foghlama a thiteann amach agus trí eispéiris a thairiscint atá spreagúil agus taitneamhach dóibh, agus bainteach lena saol. Tá ardcháilíocht ag roinnt leis na heispéiris seo, cuireann siad le leas fisiceach, meabhrach, agus sóisialta na scoláirí, agus nuair is féidir, tugann siad deiseanna dóibh a gcumais agus a dtallanna a fhorbairt i réimsí na cruthaitheachta agus na fiontraíochta. Tógann clár sraith shóisearach an scoláire ar an bhfoghlaim a rinne siad ar an mbunscoil. Tacaíonn sé le breis dhul chun cinn ina gcuid foghlama. Cabhraíonn sé le scoláirí na scileanna foghlama a fhorbairt a bheidh ina gcúnamh acu agus iad ag tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil tar éis na scoile.

# Réasúnaíocht

Is am mórathruithe é tréimhse na luathógántachta ag daoine óga, go fisiceach, go mothúchánach agus go sóisialta. Trí mhodheolaíochtaí turgnamhacha agus grúpobair a úsáid, bíonn am agus spás sainiúil ag scoláirí sa ghearrchúrsa seo chun a dtuiscint agus a gcuid scileanna a fhorbairt le go bhfoghlaimeoidh siad fúthu féin, chun aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile agus chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoina sláinte agus a bhfolláine i ndomhan atá ag athrú go sciobtha.

San OSPS bíonn deiseanna ag scoláirí amharc as an úr ar théamaí difriúla a dhíríonn ar fhéinfheasacht agus ar mheas ar dhaoine eile a fhorbairt, agus ar scileanna i dtaca le féinbhainisteoireacht, cumarsáid, ag déileáil le rudaí, cinnteoireacht agus ag réiteach le daoine eile. Tá cleachtadh áirithe ag daoine, ó chuir chuige atá ann cheana san OSPS, ar an gcur chuige bíseach seo bheith ag athamharc ar phríomhsmaointe. Tógann an cúrsa nua seo ar an gcur chuige sin ach freisin cuireann sé béim ar ghníomhú agus ar rannpháirtíocht scoláirí sa phróiseas foghlama mar ghné atá lárnach don fhoghlaim sa réimse mhothachtálach. Tá na scileanna atá i gceist ríthábhachtach don fhéin-chomhlíonadh, an saol i measc pobal agus an rannpháirtíocht iomlán san fhoghlaim taobh amuigh den OSPS. Cuirtear machnamh pearsanta, teacht aniar agus ionbhá chun cinn freisin tríd an OSPS.

Is rud tábhachtach é ag daoine óga sa staid seo ina saol an t-oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG). Cuirtear a lán eolais os a gcomhair maidir le caidreamh agus le gnéas ó fhoinsí neamhfhoirmiúla, na meáin agus ar líne. Tugann an OSPS an comhthéacs inar féidir le daoine óga foghlaim faoi cheisteanna tábhachtacha fisiceacha, sóisialta, mothúchánacha agus morálta i dtaca le cúrsaí caidrimh, sláinte ghnéasach, gnéasacht agus féiniúlacht gnéis, lena n-airítear an áit ar féidir teacht ar eolas iontaofa ó fhoinsí ar féidir bheith ag brath orthu.

Is tábhachtach go dtógtar ar fhoghlaim san OSPS a rinne scoláirí sa bhunscolaíocht freisin. Tugtar tacaíocht bhunúsach don fhoghlaim san OSPS trí thimpeallacht dhearfach chumasaithe na scoile uile agus trí pholasaithe/treoirlínte scoile ábhartha lena n-áirítear polasaithe OCG, frithbhulaíochta agus mí-úsáid substaintí, agus Treoirlínte um Chosaint Páistí. Cabhraíonn an comhthéacs níos leithne seo don fhoghlaim san OSPS lena chinntiú go bhfoghlaimíonn scoláirí chun cinntí eolasacha a dhéanamh i leith a sláinte agus a bhfolláine. Tacaíonn polasaithe agus treoirlínte scoile, pobail agus náisiúnta leis na cinntí seo níos mó arís.

# Aidhm

Is í aidhm an ghearrchúrsa seo braistint dhearfach a fhorbairt i scoláirí orthu féin, agus ar a sláinte agus a bhfolláine fhisiceach, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta. Féachann sé freisin le tógáil ar chumas daoine óga chun caidreamh folláin a fhorbairt agus a choimeád

# Naisc

Léiríonn na táblaí a leanann an chaoi ar féidir an OSPS a nascadh le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach.

## Ráitis Foghlama (RF)

| Ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha sa chúrsa |
|---|---|
| Gníomhaíonn an scoláire chun a fholláine féin agus cuid daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn.<br>*RF 11* | Fiosraíonn scoláirí an chaoi a dtéann a luachanna, tuairimí agus iompar i gcion ar shláinte agus ar fholláine s'acu féin agus ar chuid daoine eile Forbraíonn siad acmhainní éagsúla atá ceaptha chun tacú le daoine óga cinntí eolasacha a dhéanamh i leith a bhfolláine féin agus cuid daoine eile. |
| Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálta.<br>*RF 5* | Glacann scoláirí páirt i réimse gníomhaíochtaí a chuireann iompraíocht fhreagrach chun cinn agus a chabhraíonn leo scileanna a fhorbairt chun cinntí pearsanta agus grúpa a dhéanamh a léiríonn meas dá ndínit féin agus do dhínit daoine eile. |
| Tá tuiscint agus meas ag an scoláire ar an gcaoi ar chuir luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann siad.<br>*RF 6* | San OSPS, bíonn deiseanna ag scoláirí tuairimí a phlé, fadhbanna a scrúdú agus cinneadh ar an gcaoi arbh fhéidir tabhairt fúthu seo lena bpiaraí, agus sa tslí sin is fearr a thuigeann siad an luach atá le peirspictíochtaí difriúla. Trí fhiosrú a dhéanamh ar chásanna staidéir agus trí rólimirt a dhéanamh, is féidir le scoláirí foghlaim chun bheith níos ionbh※úla lena cheile agus chun meas bheith acu ar luachanna, creidimh agus traidisiúin dhifriúla. |

## Litearthacht agus uimhearthacht

Foghlaimíonn scoláirí a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta trí réimse de ghníomhaíochtaí foghlama sa ghearrchúrsa OSPS. Tá sé sin amhlaidh is cuma cé acu a bhíonn an Ghaeilge nó an Béarla ina mheán teagaisc.

Forbraíonn scoláirí scil na cumarsáide agus iad ag foghlaim conas a gcuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl go soiléir agus go measúil trí obair ghrúpa, rólimirt agus machnaimh, agus trí shuíomhanna agus cásanna staidéir a fhiosrú agus a phlé.

Forbraíonn siad a gcuid scileanna scríbhneoireachta trí ghníomhaíochtaí amhail machnaimh scríofa a dhéanamh agus siurnal a choimeád, bíodh sé ina chóip chrua nó ar líne. Forbraíonn siad a gcuid scileanna sa litearthacht dhigiteach agus sa léitheoireacht agus iad ag foghlaim chun taighde a dhéanamh agus faisnéis a lorg i bhfoinsí iontaofa eolais faoi chúrsaí sláinte agus folláine.

San OSPS forbraíonn scoláirí a gcuid scileanna uimhearthachta agus iad ag bailiú eolais trí cheistneoirí, suirbhéanna agus taifid phearsanta agus ag cur a gcuid torthaí i bhfoirm ghrafach i láthair pobail éagsúla éisteachta. Foghlaimíonn siad freisin chun eolas a léirmhíniú atá curtha i láthair i bhfoirmeacha grafacha agus eile, mar shampla, sonraí sláinte agus cothaitheach faoi iontógáil mholta laethúil. Foghlaimíonn siad chun treochtaí agus patrúin a aithint agus iad ag dul i ngleic le heolas fíriciúil.

## Príomhscileanna eile

Tá roinnt míreanna ag gach príomhscil a shoiléiríonn an t-eolas, na scileanna agus na meonta (an mhéin) a bhaineann leis an bpríomhscil sin. Tá na míreanna agus a dtorthaí foghlama leagtha amach go mion in *Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí*. Tá deiseanna ann chun tacú le gach príomhscil sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh atá níos tábhachtaí ná a chéile. Léiríonn na samplaí thíos iad siúd atá bainte leis na gníomhaíochtaí foghlama san OSSP. Is féidir le múinteoirí a lán de na míreanna eile a bhaineann le príomhscileanna ar leith a fhí isteach ina bpleanáil ranga

| An phríomhscil | Mír na príomhscile | Gníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|---|
| Bheith cruthaitheach | Roghanna agus malairtí a fhiosrú | Fiosraíonn agus measann scoláirí roghanna agus malairtí i gcomhthéacs na gcinntí a dhéanann siad. Taifeadann siad agus cuireann siad in iúl a gcuid foghlama ar bhealaí cruthaitheacha. |
| Cumarsáid | Éisteacht agus do mo chur féin in iúl | Foghlaimíonn scoláirí chun iad féin a chur in iúl go soiléir agus go measúil, chun cúnamh a iarraidh, chun éisteacht le dearcthaí daoine eile agus smaointe agus tuairimí a phlé. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Eolas a bhailiú, a thaifead, a eagrú agus a mheas | Éiríonn scoláirí cleachta leis an gcaoi agus an áit ar féidir leo eolas agus tacaíocht a rochtain chun a sláinte fhisiceach agus mheabhrach a choimeád ar dhóigh iomlánaíoch. |
| Mé féin a bhainistiú | Aithne a chur orm féin | Foghlaimíonn scoláirí níos mó fúthu féin agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí cinnteoireachta agus socrú spriocanna. Foghlaimíonn siad conas bheith solúbtha, iad féin agus a gcuid staidéir a eagrú, pleanáil chun a gcuid spriocanna a bhaint amach agus chun cothromaíocht áirithe a fhorbairt ina saol féin. |
| Fanacht folláin | Bheith sláintiúil agus gníomhach go fisiceach | Foghlaimíonn scoláirí faoi fhreagracht a ghlacadh as a bhfolláine agus a gcaidreamh féin. Foghlaimíonn siad freisin conas aiste chothrom bia, gníomhaíocht choirp agus scíth bheith le fáil stíl mhaireachtála shláintiúil. |
| Obair le daoine eile | Meas ar an éagsúlacht | Foghlaimíonn scoláirí faoi phróisis ghrúpa agus conas a théann ballraíocht ghrúpa i bhfeidhm ar smaointeoireacht agus ar iompar an duine aonair. Forbraíonn siad ionbhá níos mó agus iad ag foghlaim faoi pheirspictíochtaí daoine eile agus ag forbairt scileanna chun meascadh go héifeachtach le daoine eile. |

# Forbhreathnú ar an gcúrsa

**Snáithe 1:** Cé mé?

**Snáithe 2:** Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile

**Snáithe 3:** Dul i bpáirt le chéile

**Snáithe 4:** Mo shláinte mheabhrach

Dearadh na ceithre snáitheanna seo chun go mbeadh dearcadh dearfach ag scoláirí orthu féin agus go mbeadh siad díograiseach ag tabhairt aire dóibh féin agus do dhaoine eile.

Díríonn Snáithe 1, **Cé mé?,** ar fhéinfheasacht a fhorbairt agus féinmheas a ardú.

Tugann Snáithe 2, **Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile**, deiseanna do scoláirí chun machnamh a dhéanamh conas is fearr is féidir leo aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile.

Díríonn Snáithe 3, **Dul i bpáirt le chéile**, ar fhoghlaim faoi chaidrimh thábhachtacha ina saol agus scileanna caidrimh a bheith acu.

Díríonn Snáithe 4, **Mo shláinte mheabhrach**, ar shláinte mheabhrach dhearfach a fhorbairt, scrúdú a dhéanamh ar thaithí daoine óga ar easláinte mheabhrach agus conas is féidir leo breathnú ina ndiaidh féin agus daoine eile le linn ócáidí géara coscracha.

## Dialann foghlama phearsanta

Baineann a lán d'fhoghlaim scoláirí san OSPS le tuairimí, luachanna agus mothúcháin agus is ábhar é atá pearsanta don scoláire. Ba cheart scoláirí a spreagadh chun dialann foghlama phearsanta a choimeád fad is a mhairfidh an gearrchúrsa, mar ar féidir leo taifead príobháideach machnaimh a choimeád ar a gcuid foghlama san OSPS. Ach aontú a fháil ón scoláire, is féidir roinnt de na hiontrálacha a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama difriúla, ach go bunúsach is cáipéis phríobháideach í don scoláire amháin an dialann foghlama phearsanta.

As siocair nádúr íogair an ábhair a thiocfadh bheith i gceist le foghlaim scoláirí san OSPS, is éigean go n-aontódh scoláirí conradh lena chéile agus lena múinteoir a chinntiú go mbíonn seomra ranga an OSPS ina thimpeallacht mheasúil shábháilte chun foghlaim a dhéanamh san OSPS.

Tá na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo ailínithe leis na Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 4).

Dearadh an cúrsa le haghaidh tuairim is 100 uair de rannpháirtíocht scoláirí.

# Ionchais maidir le scoláirí

Baintear úsáid as samplaí d'obair scoláirí chun na hionchais maidir le scoláirí a léiriú sa ghearrchúrsa. Bainfidh na samplaí anótáilte seo go díreach le toradh foghlama nó le grúpaí de thorthaí foghlama.

# Snáithe 1: Cé mé?

## Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí maidir le... | Ba cheart go mbeadh scoláirí ábalta... |
|---|---|
| Conas a fheictear dom mé féin agus daoine eile | 1.1. an tábhacht a thuiscint a bhaineann lena bhféinmheas féin agus cuid daoine eile a ardú<br>1.2. fáiltiú roimh dhifríocht idir dhaoine aonair bunaithe ar an tuiscint atá acu dá n-uathúlacht féin |
| Bheith i d'ógánach | 1.3. páirt a ghlacadh i bplé eolasach ar thionchar na forbartha fisicí, mothúchánaí, síceolaíche agus sóisialta le linn na hógántachta<br>1.4. a aithint conas a bhaineann gnéasacht agus féiniúlacht inscne le bheith i do dhuine daonna agus go bhfuil toisí bitheolaíocha, síceolaíocha, cultúrtha, sóisialta agus spioradálta leis |
| Féinbhainistíocht | 1.5. spriocanna pearsanta gearr-, meán-, agus fadtéarmacha a aithint mar aon le bealaí ina bhféadfaí iad a bhaint amach<br>1.6. scileanna cinnteoireachta a chur i bhfeidhm i réimse suíomhanna<br>1.7. eolas cuí agus iontaofa faoi shláinte agus folláine a aimsiú |
| Mo chearta agus cearta daoine eile | 1.8. míniú a thabhairt conas is féidir le steiréitíopáil cur le tuiscint agus le taithí duine ar chearta agus ar fholláine<br>1.9. an tábhacht a thuiscint atá le hiompar measúil agus cuimsitheach chun timpeallacht shábháilte a chur chun cinn atá saor ó leatrom |

# Snáithe 2: Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile

## Torthatí foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí maidir le... | Ba cheart go mbeadh scoláirí ábalta... |
|---|---|
| Fanacht folláin | 2.1. a mheas conas a chuireann aiste bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas agus folláine<br>2.2. léirmheas a dhéanamh ar éifeacht na meán, na fógraíochta agus tionchair eile ar chinntí an duine faoin tsláinte agus faoin bhfolláine<br>2.3. cur síos a dhéanamh ar cad a chuireann an muintearas chun cinn i scoil, ag baile agus sa phobal trí cheile agus ar a ról féin chun timpeallacht chuimsitheach a chruthú<br>2.4. idirdhealú a dhéanamh idir aire atá oiriúnach a thabhairt agus a fháil |
| Úsáid substaintí | 2.5. na scileanna pearsanta agus sóisialta a thaispeáint chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú chun toitíní a chaitheamh, alcól a ól agus/nó substaintí eile a úsáid<br>2.6. meabhrú ar na hiarmhairtí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena n-úsáid féin drugaí nó le húsáid daoine eile<br>2.7. léirmheas a dhéanamh ar an eolas agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine óga i dtaca le húsáid substaintí |
| Cumarsáid mheasúil | 2.8. scileanna na héisteachta gníomhaí agus na freagartha cuí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla<br>2.9. scileanna maithe cumarsáide a úsáid chun freagairt don cháineadh agus don aighneas |
| Frithbhulaíocht | 2.10. cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí i leith teagmhais bhulaíochta<br>2.11. breithmheas a thabhairt ar róil rannpháirtithe agus lucht féachana i dteagmhais bhulaíochta<br>2.12. athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí frithbhulaíochta agus ar threoirlínte sábháilteacht idirlín na scoile agus míniú a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann d'iompar agus do shábháilteacht phearsanta scoláirí |

# Snáithe 3: tDul i bpáirt le chéile

## Torthatí foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí maidir le... | Ba cheart go mbeadh scoláirí ábalta... |
|---|---|
| Cara bheith agat agus tú a bheith i do chara | 3.1. a oibriú amach cad atá luachmhar ag daoine óga i gcaidrimh éagsúla agus conas a athraíonn sé sin le himeacht aimsire<br>3.2. meonta, scileanna agus dearcthaí a mheas a chabhraíonn chun cairdeas a dhéanamh, a choimeád agus a chríochnú go measúil<br>3.3. a gcumas a aithint chun cairdeas a dhéanamh agus a bheith acu |
| An speictream caidrimh | 3.4. na tionchair éagsúla ar chaidrimh agus ar leibhéil dlúthchaidrimh a mhíniú<br>3.5. anailís a dhéanamh ar dheacrachtaí caidrimh a mbíonn taithí ag daoine óga orthu |
| Gnéasacht (collaíocht), féiniúlacht inscne agus sláinte ghnéis | 3.6. cur síos a dhéanamh ar thorthúlacht, giniúint, forbairt réamhbhreithe agus breith, agus na ceisteanna sláinte ar leith a bhaineann le gach ceann acu<br>3.7. a mhíniú cad a chiallaíonn sé aire a thabhairt dá sláinte ghnéis<br>3.8. scileanna cumarsáid threallúsach a thaispeáint chun tacú le cinnteoireacht fhreagrach, eolasach faoi chaidreamh agus faoi shláinte ghnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de<br>3.9. meabhrú ar na gnéithe pearsanta agus sóisialta den ghnéaschlaonadh agus den fhéiniúlacht inscne |
| Tionchar na meán ar chaidreamh agus ar ghnéasacht | 3.10. anailís chriticiúil a dhéanamh ar úsáid íomháineachas ghnéasach agus ar steiréitíopáil inscne i gcineálacha éagsúla meán<br>3.11. léirmheas a dhéanamh ar thionchar na meán ar a dtuiscint ar chollaíocht agus ar shláinte ghnéis |

# Snáithe 4: Mo shláinte mheabhrach

## Torthatí foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí maidir le... | Ba cheart go mbeadh scoláirí ábalta... |
|---|---|
| Sláinte mheabhrach dhearfach | 4.1. a mhíniú cad a chiallaíonn sé sláinte mheabhrach dhearfach bheith agat<br>4.2. an tábhacht a aithint a bhaineann le rudaí a phlé go mion lena n-áirítear na naisc a aithint idir smaointe, mothúcháin agus iompar<br>4.3. roinnt teicnící scíthe a chleachtadh |
| Sláinte mheabhrach agus easláinte mheabhrach | 4.4. páirt a ghlacadh i bplé eolasach ar cheisteanna sláinte mheabhrach a mbíonn taithí ag daoine óga agus/nó ag a gcairde agus a dteaghlaigh orthu<br>4.5. tuiscint bheith acu cad a chiallaíonn sé maireachtáil le heasláinte mheabhrach<br>4.6. léirmheas a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte mheabhrach atá ar fáil do dhaoine óga go háitiúil<br>4.7. tábhacht úsáid substaintí do shláinte mheabhrach an duine a mhíniú |
| Ócáidí géara coscracha a láimhseáil | 4.8. practise a range of strategies for building resilience<br>4.9. use coping skills for managing life's challenges |
| Cailleadh agus méala | 4.10. an réimse leathan ócáidí saoil inarbh fhéidir leo taithí bheith acu ar chailleadh agus ar mhéala a mhíniú<br>4.11. na freagairtí pearsanta, sóisialta, mothúchánacha agus fisiceacha i leith caillte agus méala a leagan amach<br>4.12. comparáid a dhéanamh ar na bealaí ina gcuirtear cailleadh agus méala i láthair i gcomhthéacsanna agus i gcultúir éagsúla<br>4.13. a mhíniú conas a thabharfadh siad aire dóibh féin agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile ar ócáidí caillte agus méala |

# Measúnú agus teistiúchán

## Measúnú agus an OSPS

Taobhaíonn an gearrchúrsa seo le réimse leathan cuir chuige i leith an mheasúnaithe. Baineann measúnú aonuaire le roinnt torthaí foghlama. Is féidir cinn eile a mheas ar bhonn leanúnach agus scoláirí ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí difriúla foghlama mar shampla, ag plé, ag míniú, ag déanamh taighde, ag cur i láthair, ag pleanáil, agus ag dul i mbun gnímh. Déanann scoláirí agus a gcuid múinteoirí machnamh agus breithiúnais ar a gcuid féin foghlama agus ar fhoghlaim daoine eile trí amharc ar chaighdeán míreanna áirithe oibre. Pleanálann siad na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a thugann siad agus a fhaigheann siad. Cabhraíonn measúnú leanúnach den chineál seo le scoláirí foghlaim chun níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama san OSPS.

Meastar go dtabharfaidh scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama leanúnaí ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifeadadh fuaime agus píosa saothar scríofa.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúchán scoilbhunaithe agus bunaithe ar cheithre snáitheanna uile an chúrsa. Déanfaidh scoláirí **dhá** thasc mheasúnaithe. Caithfidh gach tasc bheith bunaithe ar thorthaí foghlama i níos mó ná snáithe amháin den chúrsa. Ar an iomlán, caithfidh an dá thasc mheasúnaithe aghaidh a thabhairt ar **thrí** cinn ar a laghad de cheithre snáitheanna an chúrsa.

Tá tascanna samplacha leagtha amach in Aguisín 1. Níor chóir breathnú ar an liosta de thascanna samplacha mar liosta críochnaitheach. Is féidir le múinteoirí agus le scoláirí rogha dhéanamh a gcuid féin tascanna measúnaithe a fhorbairt. Cibé cén cur chuige a leantar, ba chóir na tascanna a aontú le scoláirí a chinntiú go bhfeictear dóibh iad bheith bríoch agus ábhartha dóibh. Caithfidh scoláirí a thaispeáint freisin go mbíonn siad ag plé le trí cinn ar a laghad de cheithre snáitheanna an chúrsa sa dá thasc a roghnaíonn siad. Spreagtar scoláirí chun an fhormáid is oiriúnaí a roghnú ina ndéanfaidh siad na tascanna measúnaithe: formáid scríofa, digiteach, fuaime nó físe. Tarraingíonn na tascanna measúnaithe ar thorthaí foghlama ó gach cuid den chúrsa chomh maith le litearthacht, uimhearthacht agus príomhscileanna eile.

Nuair a bheidh an tasc críochnaithe, déanann an scoláire aonair machnamh ar a gcuid foghlama. Tá Teimpléad machnaimh samplach leagtha amach in Aguisín 2. Is féidir machnaimh ardchaighdeáin a spreagadh trí na gnéithe cáilíochta don mhachnamh a roinnt agus a phlé leis na scoláirí.

Dáilfear 50% de na marcanna iomlána ar gach tasc measúnaithe. Laistigh den leagan amach sin, dáilfear 35% don tasc é féin agus 15% don mhachnamh ina thaobh.

Mar achoimre, déanfar na tascanna a ualú mar seo a leanas

| **Tasc Measúnaithe 1 (50%)** | | **Tasc Measúnaithe 2 (50%)** | |
|---|---|---|---|
| Tasc | Machnamh | Tasc | Machnamh |
| 35% | 15% | 35% | 15% |

## Tascanna measúnaithe a dhéantar mar ghrúpa

Déantar mórán de na tascanna measúnaithe san OSPS le páirtí nó le grúpa. Níor chóir go mbeadh níos mó ná triúr scoláirí i ngrúpa chun a chinntiú go mbíonn ionchur ag gach scoláire sa phróiseas. Tá an obair i gcomhar le daoine eile lárnach don fhoghlaim san OSPS mar go dtugann sí deiseanna do scoláirí a gcuid foghlama a phlé agus go dtugann sí ar scoláirí foghlaim conas idirbheartaíocht a dhéanamh ar an gcaoi a bpleanálfaidh siad agus a gcuirfidh siad i gcrích an tasc measúnaithe. Agus an tasc measúnaithe déanta acu, scríobhann scoláirí machnamh faoin méid a d'fhoghlaim siad sa tasc measúnaithe agus a n-eispéireas ar chur i gcrích an taisc mar ghrúpa, agus a n-ionchur ann.

Sna tascanna measúnaithe uile, marcáiltear gach scoláire go haonarach ar a **Machnamh**.

Do ghné an **Taisc** den mheasúnú amháin, mar ar oibrigh scoláirí i bpéirí nó i ngrúpaí, bíonn cead ag an múinteoir a roghnú cé acu a mheasfaidh sé gach scoláire ina aonar **nó** méid áirithe de na marcanna a bhronnadh ar gach duine ar leith ar bhonn grúpa. Sa dara cás, gheobhaidh gach scoláire sa ghrúpa cuid de na marcanna dá n-obair aonair agus cuid eile d'obair an ghrúpa ina iomláine. Beidh scéimeanna marcála agus treoirlínte don chur chuige seo leagtha amach in ábhar tacaíochta don ghearrchúrsa seo.

## Réasúnaíocht don mhachnamh ar an tasc measúnaithe

Trí Mhachnamh aonair a dhéanamh ar an tasc measúnaithe, foghlaimíonn scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann leis an tasc a chur i gcrích agus ar a bhfoghlaim faoin topaic agus a tábhacht dóibh féin go pearsanta agus go sóisialta. Cabhraíonn sé leo freisin meabhrú ar cháilíocht a n-ionchuir féin agus an tasc á chur i gcrích.

## Gnéithe cáilíochta

Leagtar amach thíos gnéithe cáilíochta a bhaineann le hobair scoláirí ar na tascanna measúnaithe agus na machnaimh. Is féidir le múinteoirí agus le scoláirí iad seo a úsáid, i dtéarmaí ginearálta, chun tacú lena bplé faoi agus lena mbreithiúnas ar an obair a rinneadh mar fhreagra ar an tasc measúnaithe. Le bheith níos sonraíche, is iad na gnéithe cáilíochta a úsáidfidh múinteoirí, le linn phróiseas na marcála agus ag cruinnithe modhnóireachta, chun obair an scoláire ar na tascanna measúnaithe a phlé.

## Tasc Measúnaithe

**Gradam**

- Léiríonn fianaise an taisc sárthuiscint ar réimse leathan d'eolas cúlra iontaofa faoin topaic lena n-áirítear a hábharthacht agus a tábhacht do dhaoine óga, chomh maith le sárfheasacht ar an gcomhthéacs áitiúil agus ar pholasaithe agus treoirlínte ábhartha.
- Léiríonn sé sárleibhéal cruthaitheachta agus léirmhíniú úrnua ar an ábhar i ndearadh an taisc.
- Tá sarthuiscint ann ar an lucht éisteachta, mar a bhfuil sé sin ábhartha don tasc.

**Ardtuillteanas**

- Léiríonn fianaise an taisc an-tuiscint ar réimse leathan d'eolas cúlra iontaofa faoin topaic lena n-áirítear a hábharthacht agus a tábhacht do dhaoine óga, chomh maith le an-fheasacht ar an gcomhthéacs áitiúil agus ar pholasaithe agus treoirlínte ábhartha.
- Léiríonn sé leibhéal an-mhaith cruthaitheachta agus léirmhíniú úrnua ar an ábhar i ndearadh an taisc.
- Tá tuiscint an-mhaith ann ar an lucht éisteachta, mar a bhfuil sé sin ábhartha don tasc.

**Tuillteanas**

- Léiríonn fianaise an taisc tuiscint mhaith ar réimse leathan d'eolas cúlra iontaofa faoin topaic lena n-áirítear a hábharthacht agus a tábhacht do dhaoine óga, chomh maith le feasacht mhaith ar an gcomhthéacs áitiúil agus ar pholasaithe agus treoirlínte ábhartha.
- Léiríonn sé leibhéal maith cruthaitheachta agus léirmhíniú úrnua ar an ábhar i ndearadh an taisc.
- Tá tuiscint mhaith ann ar an lucht éisteachta, mar a bhfuil sé sin ábhartha don tasc.

**Gnóthaithe**

- Léiríonn fianaise an taisc tuiscint shásúil ar réimse d'eolas cúlra iontaofa faoin topaic lena n-áirítear a hábharthacht agus a tábhacht do dhaoine óga, chomh maith le roinnt feasachta ar an gcomhthéacs áitiúil agus ar pholasaithe agus treoirlínte ábhartha.
- Léiríonn sé leibhéal éigin cruthaitheachta agus léirmhíniú úrnua ar an ábhar i ndearadh an taisc.
- Tá tuiscint éigin ann ar an lucht éisteachta, mar a bhfuil sé sin ábhartha don tasc

**Gnóthaithe go páirteach**

- Léiríonn fianaise an taisc tuiscint theoranta ar aon eolas cúlra faoin topaic lena n-áirítear a hábharthacht agus a tábhacht do dhaoine óga, agus léiríonn sé feasacht éiginnte ar an gcomhthéacs áitiúil agus ar pholasaithe agus treoirlínte ábhartha.
- Léiríonn an tasc leibhéal teoranta cruthaitheachta agus cumas chun an t-ábhar i ndearadh an taisc a léirmhíniú.
- Tá tuiscint theoranta ann ar an lucht éisteachta, mar a bhfuil sé sin ábhartha don tasc.

## Machnamh

**Gradam**

- Cuimsíonn an machnamh sármhíniú ar fhoghlaim an scoláire sa tasc measúnaithe lena n-áirítear míniúchán an-mhionsonraithe faoin gcaoi a ndeachaigh siad, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, i gceann an taisc.
- Tá fianaise shuntasach ann ar chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann an fhoghlaim i bhfeidhm ar a gcuid dearcthaí, luachanna, tuairimí agus iompair.
- Tá sárthuiscint ann ar thábhacht na topaice do dhaoine óga go ginearálta.

**Ardtuillteanas**

- Cuimsíonn an machnamh an-mhíniú ar fhoghlaim an scoláire sa tasc measúnaithe lena n-áirítear míniúchán mionsonraithe faoin gcaoi a ndeachaigh siad, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, i gceann an taisc.
- Tá fianaise shuntasach ann ar chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann an fhoghlaim i bhfeidhm ar a gcuid dearcthaí, luachanna, tuairimí agus iompair.
- Tá an-tuiscint ann ar thábhacht na topaice do dhaoine óga go ginearálta.

**Tuillteanas**

- Cuimsíonn an machnamh míniú maith ar fhoghlaim an scoláire sa tasc measúnaithe lena n-áirítear míniúchán mionsonraithe faoin gcaoi a ndeachaigh siad, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, i gceann an taisc.
- Tá fianaise mhaith ann ar chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann an fhoghlaim i bhfeidhm ar a gcuid dearcthaí, luachanna, tuairimí agus iompair.
- Tá tuiscint mhaith ann ar thábhacht na topaice do dhaoine óga go ginearálta.

**Gnóthaithe**

- Cuimsíonn an machnamh míniú sásúil ar fhoghlaim an scoláire sa tasc measúnaithe lena n-áirítear míniúchán faoin gcaoi a ndeachaigh siad, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, i gceann an taisc.
- Tá roinnt fianaise ann ar chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann an fhoghlaim i bhfeidhm ar a gcuid dearcthaí, luachanna, tuairimí agus iompair.
- Tá roinnt tuisceana ann ar thábhacht na topaice do dhaoine óga go ginearálta.

**Gnóthaithe go páirteach**

- Cuimsíonn an machnamh fianaise theoranta ar fhoghlaim an scoláire sa tasc measúnaithe.
- Tá an míniúchán ar conas a chuaigh siad, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, i gceann an taisc teoranta agus níl aon sonraí ar leith ann.
- Tá an tuiscint atá ann ar thábhacht na topaice do dhaoine óga go ginearálta doiléir go maith.

## Acmhainní

Sainaithneoidh an chuid seo den tsonraíocht acmhainní a thacóidh le teagasc agus le foghlaim sa ghearrchúrsa.

Seirbhís tacaíochta OSPS: www.sphe.ie

# Aguisín 1:
# Tascanna measúnaithe samplacha

## Tascanna measúnaithe samplacha

Ar an iomlán, ba chóir go ndíreodh an dá thasc mheasúnaithe don teistiúchán ar fhianaise ar an bhfoghlaim in ar a laghad trí cinn de na ceithre snáitheanna atá i ngearrchúrsa an OSPS.

Léiríonn na tascanna measúnaithe samplacha seo a leanas an chaoi arbh fhéidir é sin a bhaint amach. Tugann gach tasc measúnaithe samplach deis do scoláirí fianaise a thabhairt ar a gcuid foghlama in ar laghad dhá cheann de na ceithre snáitheanna.

| Snáitheanna ábhartha agus torthaí foghlama | Tasc measúnaithe |
|---|---|
| **Tasc samplach** | Acmhainn a dhearadh do do phiaraí darb ainm 'Áis chun Cinnteoireachta' |
| **Snáithe 1** | 1.5 Identify short, medium and long-term personal goals and ways in which these might be achieved<br>1.6 Apply decision making skills in a variety of situations<br>1.7 Source appropriate and reliable information about health and wellbeing |
| **Snáithe 2** | 2.1 A mheas conas a chuireann aiste bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas agus folláine<br>2.6 Meabhrú ar na hiarmhairtí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena n-úsáid féin drugaí nó le húsáid daoine eile<br>2.7 Léirmheas a dhéanamh ar an eolas agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine óga i dtaca le húsáid substaintí |
| **Tasc samplach** | Cabhrú le feachtas fógraíochta ar 'An Ógántacht – aois na ndeiseanna' |
| **Snáithe 1** | 1.2, 1.4, 1.5, 1.9 |
| **Snáithe 2** | 2.3, 2.5, 2.7, 2.8, 2.9,2.9, 2.10 |
| **Snáithe 3** | 3.2, 3.3, 3.8, 3.9 |
| **Snáithe 4** | 4.1, 4.2, 4.8, 4.9 |

| Snáitheanna ábhartha agus torthaí foghlama | Tasc measúnaithe |
| --- | --- |
| **Tasc samplach** | Feachtas a dhearadh do na meáin faoi iarmhairtí úsáid an alcóil agus an tobac agus an áit agus an chaoi chun cabhair a fháil le fadhbanna a bhaineann le drugaí. |
| **Snáithe 2** | 2.5, 2.6, 2.7 |
| **Snáithe 4** | 4.7, 4.8, 4.9 |
| **Tasc samplach** | Taifead a dhéanamh a léiríonn cad a mheasann tusa bheith ina foghlaim thábhachtach in ar a laghad dhá cheann de na snáitheanna |
| **Gach Snáithe**<br>Is féidir baint bheith ag na Tascanna Measúnaithe seo lena lán de na torthaí foghlama trasna na gceithre snáitheanna. Féadann na scoláirí a ndialanna foghlama pearsanta a úsáid chun machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim thábhachtach. | Treoirleabhar do dhéagóirí ar 'An Saol Folláin' a chur chun cinn<br>Caint a ullmhú do thuismitheoirí dár teideal 'Seo na daoine is muid'<br>Aimsíonn scoláirí caidreamh a bhaineann le duine óg a bhfuil suim acu ann sna meáin nó i leabhar agus déanann léirmheas air.<br>Acmhainn a dhearadh a aibhsíonn bealaí inar féidir le daoine óga aire a thabhairt dá sláinte mheabhrach<br>Cabhrú le 'Seachtain Sláinte' na scoile ag aibhsiú réimse de théamaí tábhachtacha do dhaoine óga |

# Aguisín 2:
# Teimpléad Machnaimh

Déanann scoláirí machnamh ar gach ceann de na tascanna measúnaithe i ngearrchúrsa an OSPS. Is féidir na machnaimh a dhéanamh ó bhéal nó i bhfoirm scríofa.

Fréamh-abairtí samplacha ...

Sa tasc measúnaithe seo, iarradh orm/orainn ...

Is é an t-ionchur ar leith a bhí agam féin ann ...

Tríd an tasc seo a dhéanamh d'fhoghlaim mé an méid seo a leanas faoin topaic seo san OSPS ...

Ceapaim go bhfuil an fhoghlaim seo tábhachtach do dhaoine óga ar an ábhar ...

## Teimpléad machnaimh samplach

| |
|---|
| Snáithe<br>Topaic |
| Leagan amach an taisc mheasúnaithe |
| Conas a chuir mé/muid an tasc i gcrích |
| Eolas tábhachtach a aimsíodh agus conas a rinne mé/muid cinntí faoin rud a chuirfí isteach |
| Mo ról sa tasc agus an méid a rinne mé go maith |
| An rud a rinne mo ghrúpa go maith |
| An rud a dhéanfainn ar dhóigh eile an chéad uair eile |
| Dúshláin/Baic ar thángthas orthu |
| Tá an topaic seo tábhachtach do dhaoine óga mar… |
| Conas a chuirfinn an méid a d'fhoghlaim me i bhfeidhm i mo shaol féin? |

# Aguisín 3:

## Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo chun teacht leis na Táscairí Leibhéil do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth, le haghaidh teistiúchán agus gradaim Leibhéil 3, baineann an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fhaightear le forbairt phearsanta, rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa phobal, fostaíocht agus rochtain ar bhreis oideachais agus traenála.

| | |
|---|---|
| **Leibhéal CNC** | 3 |
| **Eolas**<br>***Fairsinge*** | Eolas atá measartha leathan ina raon |
| **Eolas**<br>***Cineál*** | Coincréiteach ó thaobh tagartha den chuid is mó le tuiscint éigin ar an ngaol idir gnéithe eolais |
| **Eolas agus fios gnó**<br>***Raon*** | Réimse bunúsach de scileanna agus d'uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a léiriú |
| **Scil agus fios gnó**<br>***Roghnaíocht*** | Roghnú ó réimse teoranta gnásanna éagsúla; agus réitigh atá ar eolas a chur i bhfeidhm ar réimse teoranta fadhbanna intuartha |
| **Inniúlacht**<br>***Comhthéacs*** | Gníomhú laistigh de réimse teoranta comhthéacsanna |
| **Inniúlacht**<br>***Ról*** | Gníomhú faoi threoir le féinriar teoranta; feidhmiú le grúpaí aitheanta aonchineálacha |
| **Inniúlacht**<br>***Foghlaim conas Foghlaim*** | Foghlaim conas foghlaim i dtimpeallacht atá dea-struchtúrtha |
| **Inniúlacht**<br>***Léirstean*** | Freagracht theoranta a ghlacadh ort féin as comhsheasmhacht féintuisceana agus iompair |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS

Sonraíocht don **tSraith Shóisearach**

© 2014 Rialtas na hÉireann